Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

# Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2010

An Tuarascáil Bhliain 2010



# Environmental Protection Agency

The Environmental Protection Agency (EPA) is a statutory body responsible for protecting the environment in Ireland. We regulate and police activities that might otherwise cause pollution. We ensure there is solid information on environmental trends so that necessary actions are taken. Our priorities are protecting the Irish environment and ensuring that development is sustainable.

The EPA is an independent public body established in July 1993 under the Environmental Protection Agency Act, 1992. Its sponsor in Government is the Department of the Environment, Community and Local Government.

## OUR RESPONSIBILITIES

### LICENSING

We license the following to ensure that their emissions do not endanger human health or harm the environment:

- waste facilities (e.g., landfills, incinerators, waste transfer stations);
- large scale industrial activities (e.g., pharmaceutical manufacturing, cement manufacturing, power plants);
- intensive agriculture;
- the contained use and controlled release of Genetically Modified Organisms (GMOs);
- large petrol storage facilities;
- waste water discharges.

### NATIONAL ENVIRONMENTAL ENFORCEMENT

- Conducting over 2,000 audits and inspections of EPA licensed facilities every year.
- Overseeing local authorities' environmental protection responsibilities in the areas of - air, noise, waste, waste-water and water quality.
- Working with local authorities and the Gardaí to stamp out illegal waste activity by co-ordinating a national enforcement network, targeting offenders, conducting investigations and overseeing remediation.
- Prosecuting those who flout environmental law and damage the environment as a result of their actions.

### MONITORING, ANALYSING AND REPORTING ON THE ENVIRONMENT

- Monitoring air quality and the quality of rivers, lakes, tidal waters and ground waters; measuring water levels and river flows.
- Independent reporting to inform decision making by national and local government.

### REGULATING IRELAND'S GREENHOUSE GAS EMISSIONS

- Quantifying Ireland's emissions of greenhouse gases in the context of our Kyoto commitments.
- Implementing the Emissions Trading Directive, involving over 100 companies who are major generators of carbon dioxide in Ireland.

### ENVIRONMENTAL RESEARCH AND DEVELOPMENT

- Co-ordinating research on environmental issues (including air and water quality, climate change, biodiversity, environmental technologies).

### STRATEGIC ENVIRONMENTAL ASSESSMENT

- Assessing the impact of plans and programmes on the Irish environment (such as waste management and development plans).

### ENVIRONMENTAL PLANNING, EDUCATION AND GUIDANCE

- Providing guidance to the public and to industry on various environmental topics (including licence applications, waste prevention and environmental regulations).
- Generating greater environmental awareness (through environmental television programmes and primary and secondary schools' resource packs).

### PROACTIVE WASTE MANAGEMENT

- Promoting waste prevention and minimisation projects through the co-ordination of the National Waste Prevention Programme, including input into the implementation of Producer Responsibility Initiatives.
- Enforcing Regulations such as Waste Electrical and Electronic Equipment (WEEE) and Restriction of Hazardous Substances (RoHS) and substances that deplete the ozone layer.
- Developing a National Hazardous Waste Management Plan to prevent and manage hazardous waste.

### MANAGEMENT AND STRUCTURE OF THE EPA

The organisation is managed by a full time Board, consisting of a Director General and four Directors.

The work of the EPA is carried out across four offices:

- Office of Climate, Licensing and Resource Use
- Office of Environmental Enforcement
- Office of Environmental Assessment
- Office of Communications and Corporate Services

The EPA is assisted by an Advisory Committee of twelve members who meet several times a year to discuss issues of concern and offer advice to the Board.

An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

# Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2010

**AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL**
The Environmental Protection Agency
Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Teileafón: +353 53 916 0600 Facs: +353 53 916 0699
R-phost: info@epa.ie Láithreán Gréasáin: www.epa.ie

Lóghlao 1890 33 55 99

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2012

Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

**Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2010**

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Ní airbheartaíonn an doiciméad seo gur míniú dlíthiúil é ar an reachtaíocht a ndéantar tagairt di ann agus níor chóir a cheapadh gurb amhlaidh atá.

Cé go ndearnadh gach iarracht chun cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná na húdair freagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharla, nó a éilíodh gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán mar gheall ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Údair:

An tUasal Fiona McCoole, An Dr Isabelle Kurz, An tUasal Michael McDonagh, an Dr Jonathan Derham, an tUasal Daniel O'Neill.

ISBN: 978-1-84095-435-7 02/12/300
Praghas: €20

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN, CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

Glacann an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) air féin staitisticí náisiúnta a chur i dtoll a chéile maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola i bPoblacht na hÉireann. Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil seo an fhaisnéis is déanaí a chur ar fáil maidir le giniúint agus bainistiú dramhaíola in Éirinn, bunaithe ar na tuairiscí a thugtar don EPA. Is le haghaidh na bliana féilire 2010 an tuarascáil agus pléitear inti dramhaíl chathrach sholadach (dramhaíl tí, tráchtála agus dramhaíl ghlantacháin ó na húdaráis áitiúla), sruthanna dramhaíola atá faoi réir tionscnamh a bhaineann le freagracht táirgeoirí (pacáistiú, dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, feithiclí a bhfuil a ré caite) chomh maith le tógáil & scartáil agus dramhaíl ghuaiseach. Tá cuid de na staitisticí agus na torthaí lárnacha ón tuarascáil leagtha amach thíos.

### Dramhaíl chathrach

- Gineadh 2,846,115 t de dhramhaíl chathrach ar an iomlán, sin laghdú 3.6% ó fhigiúirí 2009.
- Tháinig méadú 3% ar ráta aisghabhála dramhaíl chathrach na hÉireann rud a chruthaigh ráta aisghabhála foriomlán de 42%.
- 38% atá i ráta athchúrsála dhramhaíl chathrach na hÉireann (gan aisghabháil fuinnimh san áireamh), ráta atá gar do norm 40% an AE27.
- Rinneadh 1,495,565 t de dhramhaíl chathrach a dhiúscairt i láithreáin líonadh talún, arb ionann é agus laghdú 13% ó 2009.
- Is í an Ríocht Aontaithe fós an ceann scríbe is mó d'earraí in-athchúrsáilte dhramhaíl chathrach na hÉireann.

<u>Dramhaíl tí</u>

- Cé gur tháinig méadú ar an daonra, tháinig laghdú 5% go dtí 1,420,706 t ar mhéid na dramhaíola tí a bhí á bainistiú. Tá treochtaí caithimh phearsanta go mór le sonrú sa treocht seo.
- Mar thoradh air sin méadaíodh cion na dramhaíola tí bainistithe a aisghabhadh ó 29.5% in 2009 go dtí 40.6% in 2010.
- Tháinig laghdú 20% go dtí 843,842 t ar mhéid na dramhaíola tí a diúscraíodh i láithreáin líonadh talún. Is ionann é sin agus 184 kg dramhaíl tí in aghaidh an duine sa Stát a diúscraíodh i láithreáin líonadh talún.
- Measadh nár bhain thart ar 29% de thithe áitithe leas as seirbhís bhailiúcháin ag an gcosán nó níor cuireadh ceann ar fáil dóibh (idir 2% agus 63% ar fud na limistéar údaráis áitiúil). Agus socruithe áitiúla á gcur san áireamh meastar go bhfuil 265,681 t de dhramhaíl tí nach mbailítear.
- Tháinig laghdú 4% ar mhéid na dramhaíola tí a bailíodh ag an gcosán in 2010.
- Bhailigh an earnáil phríobháideach 65% den dramhaíl tí ag an gcosán (méadú ó 60% in 2009 agus 57% in 2008), rud a léiríonn go bhfuil údaráis áitiúla ag fágáil margadh bailithe na dramhaíola tí.
- Cuireadh seirbhís 2-araid (araid earraí measctha tirime in-athchúrsáilte agus araid iarmharach) ar fáil do 95% de theaghlaigh le seirbhísí (96% in 2009).

- Cuireadh seirbhís 3-araid (araid earraí measctha tirime in-athchúrsáilte, araid iarmharach agus araid orgánach) ar fáil do 34% de theaghlaigh le seirbhísí (24% in 2009).
- Sa bhreis ar na trí araid sin, thug roinnt oibreoirí san earnáil phríobháideach araid eile isteach lena bailiú ag an gcosán le haghaidh gloine in 2010 (bailíodh 4,188 t).

Dramhaíl chathach in-bhithmhillte

- Ghnóthaigh Éire an chéad sprioc maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhillte a atreorú a leagadh síos faoin Treoir ón AE maidir le Líonadh Talún (le comhlíonadh faoi Iúil 2010), arb é a bhí i gceist léi ná 75% ar a mhéad den dramhaíl chathrach in-bhithmhillte a gineadh in 1995 a chur i láithreáin líonadh talún.
- Níor tháinig aon athrú ar an meastachán ar mhúiríniú baile arb ionann é agus 36,855 t (36,733 t in 2009).
- Laghdaíodh líon na dramhaíola cathrach in-bhithmhillte a diúscraíodh i láithreáin líonadh talún faoi 19% ó 2009 go dtí 860,000 t.
- Maidir leis an 1,817,983 t dramhaíl chathrach in-bhithmhillte a mheastar atá ar fáil, cuireadh 47% di chuig láithreáin líonadh talún (síos ó 55% in 2009), agus aisghabhadh 53% di.
- Tháinig méadú beag ar an tseirbhís bhailithe ar leith ag an gcosán le haghaidh dramhaíl orgánach tí (sa tseirbhís 3 araid) ó 62,447 t in 2009 go dtí 63,836 t in 2010 cé go raibh seirbhís bhailithe na n-araidí orgánacha á cur ar fáil i níos mó ceantar.
- Níor cuireadh seirbhís bhailithe araidí orgánacha ag an gcosán ar fáil i sé cinn na na ceithre limistéar feidhme údaráis áitiúil is tríocha (cé go bhfuil an figiúr sin laghdaithe ó aon limistéar déag nach raibh an tseirbhís ar fáil iontu in 2009).

Dramhaíl tráchtála

- Tháinig laghdú 12% ar mhéid na dramhaíola tráchtála a bainistíodh i gcomparáid le figiúirí 2009.
- Tháinig laghdú ar aisghabháil dramhaíl tráchtála ó 51% in 2009 go dtí 45% in 2010.
- Rinneadh 633,010 t de dhramhaíl tráchtála a dhiúscairt i láithreáin líonadh talún, arb ionann é agus laghdú 1% ó 2009.

### Sruthanna dramhaíola faoin tionscnamh maidir le freagracht ar an táirgeoir

- Tuairiscítear ráta aisghabhála 74% ar dhramhaíl ó phacáistiú (méadú ó 70% in 2009), ag sárú sprioc an AE do ráta aisghabhála 60% atá le comhlíonadh in 2011.
- Bailíodh 45,012 t de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE) lena haisghabháil (ráta a bhí laghdaithe beagáinín ó 45,327 t in 2009). Bailíodh 8 t in aghaidh an duine de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE), ag sárú sprioc an AE de 4 kg in aghaidh an duine. Baineadh amach na rátaí aisghabhála do gach catagóir WEEE freisin.
- Tá Éire ag mainneachtain na spriocanna faoin Treoir maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhí i bhfeidhm ó Eanáir 2006 a chomhlíonadh. Sa bhliain 2009 baineadh amach ráta athúsáide/aisghabhála 82% agus ráta athúsáide/athchúrsála 79% i gcomparáid le spriocanna de 85% agus 80% faoi seach.

Léiríonn na réamhshonraí le haghaidh 2010 gur tháinig laghdú ar na rátaí athúsáide/aisghabhála agus athúsáide/athchúrsála i gcomparáid le figiúirí 2009.

- Tá Éire i gceann an chéad spriocráta bhailiúcháin atá leagtha amach sa Treoir maidir le Ceallraí a bhaint amach, sprioc atá le comhlíonadh i Nollaig na bliana 2011. Tháinig méadú mór ar thonnáiste na gceallraí luaidhe-aigéadacha (20%) agus na gceallraí eile (88%) a easpórtáladh lena gcóireáil in 2010 i gcomparáid le 2009.

### Dramhaíl tógála agus scartála

- Tháinig laghdú 50% ar mhéid tuairiscithe na dramhaíola tógála agus scartála a bhainistigh saoráidí diúscartha (2.6 Mt), i gcomparáid le sonraí 2009.
- Tháinig méadú ar an ithir éillithe (a ghintear de ghnáth i dtionscadail forbartha/athfhorbartha talún) a easpórtáladh lena cóireáil ó 476 t in 2009 go dtí 2,590 t in 2010, cé go bhfuil an tonnáiste fhoriomlán a bainistíodh fós laghdaithe go mór i gcomparáid leis na sonraí roimh 2009.

### Dramhaíl ghuaiseach

- Ba as na tionscail chógaisíochta agus ceimiceán den chuid is mó a tháinig an dramhaíl ghuaiseach.
- Tháinig laghdú <1% ó 2009 ar mhéid na dramhaíola guaisí a bainistíodh in 2010.
- Tháinig méadú 3% ar mhéid na dramhaíola guaisí a cóireáladh ar an láithreán ag saoráidí um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú ag a bhfuil ceadúnas ón EPA, i gcomparáid le sonraí 2009.
- Tháinig méadú 3% ar mhéid na dramhaíola guaisí a cóireáladh i saoráidí do dhramhaíl ghuaiseach tráchtála a chóireáil, ag a bhfuil ceadúnas ón EPA, i gcomparáid le sonraí 2009.
- Tháinig laghdú 5% ar mhéid na dramhaíola guaisí a easpórtáladh lena cóireáil in 2010 i gcomparáid le figiúr 2009.

### Bonneagar dramhaíola

- Glacadh dramhaíl chathrach lena diúscairt i 28 láithreán líonadh talún gníomhach in 2010.
- Faoi dheireadh na bliana bhí acmhainn 18 Mt. fágtha ag na láithreáin líonadh talún náisiúnta le haghaidh dramhaíl chathrach.
- De réir na rátaí líonta atá ann faoi láthair, beidh acmhainn cheadaithe 15 cinn de na láithreáin líonadh talún reatha le haghaidh dramhaíl chathrach sholadach ídithe laistigh de thrí bliana.
- Mar gheall ar leithdháileadh agus dúnadh na láithreán líonadh talún, beidh gá le freastal a dhéanamh ar aistriú suntasach dramhaíola idir réigiúin.
- Thuairiscigh údaráis áitiúla go raibh 107 ionad fóntas poiblí agus 1,922 ionad beir leat i mbun oibríochtaí in 2010, i gcomparáid le 107 ceann agus 1,962 ceann faoi seach in 2009.
- Ba é méid na dramhaíola tí bainistithe a tugadh chuig ionaid beir leat agus ionaid fóntas poiblí ná 20%, rud a léiríonn tábhacht an bhonneagair seo agus an gá tacú leis.
- Cuireadh tús le hoibríochtaí sa chéad loisceoir dramhaíl chathrach in Éirinn i nDeireadh Fómhair 2011.

- Glacadh le dramhaíl orgánach chathrach lena haisghabháil i gceithre shaoráid is fiche (saoráidí díleáite múirín agus anaeróbacha) (i gcomparáid le 21 ceann in 2009); glacadh le dramhaíl chistine agus cheaintín lena haisghabháil in 11 cheann (i gcomparáid le 8 gcinn in 2009).
- Tháinig méadú 94,174 t ar dhéantúsú Breosla arna Dhíorthú ó Dhramhaíl (BDD) ó dhramhaíl iarmharach in 2010 go dtí 94,174 t (suas ó thart ar 48,000 t in 2009). Thuairiscigh seacht n-oibreoirí dramhaíola gur táirgeadh BDD ina saoráidí in 2010; agus úsáideadh an breosla seo mar mhalairt ar dhó breosla iontaise i saoráid cheadúnaithe amháin sa Stát (Lagan Cement Limited) in 2010.

### Dul chun cinn ó thaobh oibleagáidí náisiúnta agus oibleagáidí an AE a shaothrú

Tá an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh spriocanna náisiúnta agus spriocanna an AE maidir le hathchúrsáil, le haisghabháil agus le hatreorú a thig ó Threoracha an AE agus straitéisí dramhaíola náisiúnta curtha i láthair i dTáblaí 1A & 1B.

Mar is léir ó Thábla 1A, agus cé is moite de na spriocanna a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite, tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn chun formhór a oibleagáidí AE a bhaint amach thar raon leathan de reachtaíocht dramhaíola.

Maidir le saothrú na spriocanna náisiúnta a bhaineann le bainistiú dramhaíola, agus d'ainneoin an fheabhais shuntasaigh atá tagtha ar ráta aisghabhála 41% na dramhaíola tí, tá mórán fós le déanamh go dtí go mbainfear amach sprioc 50% na bliana 2013 maidir le hatreorú an tsrutha seo ó láithreáin líonadh talún (Tábla 1B).

Is díol suntais é go bhfuil Éire ag mainneachtain na spriocanna reatha faoin Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite a chomhlíonadh. Tá na spriocanna reatha i bhfeidhm ó Eanáir 2006, agus beidh spriocanna níos airde ag teacht i bhfeidhm ó Eanáir 2015. Tá beart práinneach ag teastáil chun athúsáid/aisghabháil/athchúrsáil ábhar a bhfuil a ré caite a mhéadú agus tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mbun pléite le páirtithe leasmhara maidir leis seo.

Díol suntais freisin is ea an dul chun cinn a rinneadh idir 2008 agus 2010 maidir le dramhaíl chathrach in-bhithmhillte (DCI) a atreorú ó láithreáin líonadh talún. Bhain Éire amach a céad sprioc maidir le DCI a atreorú (Iúil go Nollaig 2010 agus na míonna sin ar áireamh) trí mheascán tosca lena n-áirítear laghdú ar an dramhaíl in-bhithmhillte a cuireadh i láithreáin líonadh talún in 2010 (mar chéatadán de thonnáiste laghdaithe na dramhaíola cathrach a cuireadh i láithreáin líonadh talún), gníomhaíochtaí ceadúnaithe agus forfheidhmithe ag an EPA ag láithreáin líonadh talún, éachtaí ó thaobh dramhbhia tráchtála DCI a atreorú de[1], agus figiúirí láidre ó thaobh páipéar/cárta a aisghabháil de. Tá spriocanna níos déine maidir le DCI a atreorú i bhfeidhm le haghaidh 2013 agus 2016 áfach, spriocanna a bheidh sé níos deacra iad a bhaint amach. Maidir leis an dá sprioc seo tá an stádas táscaire fós i mbaol dá bhrí sin. In 2010, thug an Rialtas le fios go raibh sé ar intinn aige dualgas a chur ar na bailitheoirí dramhaíola, socruithe nó soláthar a dhéanamh chun go ndéanfar dramhbhia tí a bhailiú i tseirbhís bhailithe ar leith, trí dhréachtrialacháin maidir leis seo a fhoilsiú. Dá gcuirfí an dualgas seo i bhfeidhm, bheadh níos mó dramhbhia tí á atreorú ó láithreáin líonadh talún. Mar sin féin, ní mór a chinntiú freisin go mbainfear amach an acmhainn shuntasach atá ann chun tuilleadh DCI a atreorú trí úsáid a bhaint as dramhaíl iarmharach nó a díorthaigh mar bhreosla i saoráidí aisghabhála dramhaíola go

[1] Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia) 2009 (I.R. Uimh. 508 de 2009),

fuinneamh, agus trí bhithchobhsú a dhéanamh ar na múiche a ghintear i saoráidí idirmheánacha chun dramhaíl chathrach a chóireáil.

## Tábla 1A: Dul chun cinn i dtreo spriocanna an AE um athchúrsáil, aisghabháil agus atreorú dramhaíola

| Treoir | Teideal | Airteagal | Spriocanna: Spriocdháta | Spriocanna: Sonraíochtaí | Dul chun cinn reatha i dtreo na sprice in Éirinn (2010) | Táscaire |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **94/62/CE arna leasú** | **Treoir i dtaobh Pacáistiú** | 6(1) | 31-12-2011 | Déanfar 60% mar íosmhéid de réir meáchain de dhramhaíl ó phacáistiú a aisghabháil nó a loisceadh ag gléasraí loiscthe dramhaíola le haisghabháil fuinnimh. | 74% | Bainte amach |
| | | | | Déanfar 55% mar íosmhéid de réir meáchain de dhramhaíl ó phacáistiú a athchúrsáil. | 66% | Bainte amach |
| | | | | Faoin 31 Nollaig 2011 ar a dhéanaí bainfear amach na híos-spriocanna athchúrsála seo a leanas i gcomhair ábhar a bhíonn i ndramhaíl ó phacáistiú: | | |
| | | | | (i) 60% de réir meáchain i gcomhair gloine; | 78% | Bainte amach |
| | | | | (ii) 60% de réir meáchain i gcomhair páipéir agus cláir; | 84% | Bainte amach |
| | | | | (iii) 50% de réir meáchain i gcomhair miotal; | 63% | Bainte amach |
| | | | | (iv) 22.5 de réir meáchain i gcomhair plaisteach, gan ach ábhar a dhéantar a athchúrsáil ar ais ina phlaisteach a áireamh; | 39% | Bainte amach |
| | | | | (v) 15% de réir meáchain i gcomhair adhmaid. | 83% | Bainte amach |
| **2002/96/CE** | **Treoir WEEE** | 5(5) | (31-12-2006) 31-12-2008[2] | Bailiúchán ar leithligh de > 4kg de WEEE ó theaghlaigh phríobháideacha in aghaidh an duine in aghaidh na bliana. | 8 kg | Bainte amach |
| | | 7(2) | | I gcomhair fearais mhóra tí agus uathdháileoirí:- <br> – méadófar aisghabháil go 80% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais; agus <br> – méadófar athúsáid agus athchúrsáil comhpháirteanna, ábhar agus substaintí go 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais. | 83% <br> 80% | Bainte amach |
| | | | | Le haghaidh trealamh TF, teileachumarsáide agus tomhaltóra:- <br> – méadófar an ráta aisghabhála go 75% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais; agus <br> – méadófar athúsáid agus athchúrsáil comhpháirteanna, ábhar agus substaintí go 65% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais. | 85% <br> 83% | Bainte amach |
| | | | | I gcomhair fearais bheaga tí, trealamh soilsithe, uirlisí leictreacha & leictreonacha, bréagáin, trealamh fóillíochta agus spóirt, uirlisí monatóireachta agus rialaithe:- <br> – méadófar an ráta aisghabhála go 70% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais; agus <br> – méadófar athúsáid agus athchúrsáil comhpháirteanna, ábhar agus substaintí go 50% ar a laghad de réir meánmheáchain in aghaidh fearais. | 85% <br> 83% | Bainte amach |
| | | | | Le haghaidh lampaí gás-díluchtúcháin, sroichfidh an ráta d'athúsáid agus athchúrsáil comhpháirteanna, ábhar agus substainte 80% ar a laghad de réir mheáchan na lampaí. | 91% | Bainte amach |
| 2000/53/CE | **Treoir maidir le Feithiclí ag Deireadh a Ré** | 7(2)(a) | 1-1-2006 | Athúsáid agus aisghabháil go híosmhéid de 85% de réir mheánmheáchan na feithicle agus de réir na bliana. | 78%[3] | Níor baineadh amach é seo |
| | | | | Athúsáid agus athchúrsáil go híosmhéid 80% de réir mheánmheáchan na feithicle agus de réir na bliana. | 77%[3] | Níor baineadh amach é seo |
| | | 7(2)(b) | 1-1-2015 | Athúsáid agus aisghabháil go híosmhéid 95% de réir mheánmheáchan na feithicle agus de réir na bliana. | (78%)[3] | - Riosca - Dlite Eanáir 2015 |

[2] Fuair Éire maolú dhá-bhliain.
[3] Bunaithe ar réamhanailís ar shonraí 2010. Ní raibh faisnéis athchúrsála agus aisghabhála chun dáta maidir le blaoscanna ELV díthruaillithe a onnmhairíodh in 2010 ar fáil tráth foilsithe na tuarascála.

| Treoir | Teideal | Airteagal | Spriocanna | | Dul chun cinn reatha i dtreo na sprice in Éirinn (2010) | Táscaire |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Spriocdháta | Sonraíochtaí | | |
| | | | | Athúsáid agus athchúrsáil go híosmhéid 85% de réir mheánmheáchan na feithicle agus de réir na bliana. | (77%)[3] | - Riosca -<br>Dlite Eanáir 2015 |
| 2006/66/CE | Treoir maidir le Ceallraí | 10(2) | 31-12-11 | Íosráta bailiúcháin de 25% i gcomhair ceallraí agus taisc-cheallraí. | 14% | Ag Éirí Leis[4]<br>Dlite Nollaig 2011 |
| | | | 26-9-2016 | Íosráta bailiúcháin de 45% i gcomhair ceallraí agus taisc-cheallraí. | (14%) | - Riosca -<br>Dlite Meán Fómhair 2016 |
| | | 12(4) | 26-9-2011 | Bainfear amach na híos-éifeachtúlachtaí athchúrsála seo a leanas i bpróisis athchúrsála: | | |
| | | | | (a) athchúrsáil ar 65% de réir meánmheáchain ar cheallraí aigéid-luaidhe agus taisc-cheallraí, lena n-áirítear an t-ábhar luaidhe a athchúrsáil a mhó agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de agus costais iomarcacha á seachaint; | Sonraí iomlána dlite in NWR 2011 | Le tuairisciú don Choimisiún i Meitheamh 2012 |
| | | | | (b) athchúrsáil ar 75% de réir meánmheáchain ar cheallraí caidmiam-nicile agus taisc-cheallraí, lena n-áirítear an t-ábhar caidmiam a athchúrsáil a mhó agus is féidir ó thaobh na teicneolaíochta de agus costais iomarcacha á seachaint; agus | | Le tuairisciú don Choimisiún i Meitheamh 2012 |
| | | | | (c) athchúrsáil ar 50% de réir meánmheáchain de cheallraí agus taisc-cheallraí dramhaíola eile. | | Le tuairisciú don Choimisiún i Meitheamh 2012 |
| 1999/31/CE | Treoir maidir le Líonadh Talún | 5(2) | (16-7-2006)<br>16-7-2010[5] | Ní mór an méid dramhaíola cathrach in-bhithmhillte a théann chuig líonadh talún a laghdú go 75% den mhéid iomlán (de réir meáchain) de dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte a táirgeadh in 1995 (< 916,000 t) | 860,000 t | Bainte amach |
| | | | (16-7-2009)<br>16-7-2013 | Ní mór an méid dramhaíola cathrach in-bhithmhillte a théann chuig líonadh talún a laghdú go 50% den mhéid iomlán (de réir meáchain) de dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte a táirgeadh in 1995 (< 610,000 t) | + 250,000 t<br>(meastachán)[6] | - Riosca -<br>Dlite Iúil 2013 |
| | | | 16-7-2016 | Ní mór an méid dramhaíola cathrach in-bhithmhillte a théann chuig líonadh talún a laghdú go 35% den mhéid iomlán (de réir meáchain) de dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte a táirgeadh in 1995 (< 427,000 t) | + 433,000 t<br>(meastachán)<br>NOTEREF<br>_Ref245184274 *<br>MERGEFORMAT | - Riosca -<br>Dlite Iúil 2016 |
| 2008/98/CE | An Chreat-Treoir Dramhaíola | 11(2)(a) | 12-12-2020 | 50% de réir meáchain de pháipéar, miotal, plaisteach agus gloine ó dhramhaíl tí (*lena n-áirítear meastacháin maidir le miotai agus plaisteach ó WEE tí*) a ullmhú i gcomhair athúsáide agus athchúrsála. | 53% | Bainte amach |
| | | 11(2)(b) | 12-12-2020 | 70% de réir meáchain de dhramhaíl tógála agus scartála (nach n-áiríonn ithreacha nádúrtha agus clocha) a ullmhú i gcomhair athúsáide, athchúrsála agus athúsáid ábhair eile (lena n-áirítear oibríochtaí tairbhiúla aislíonta a úsáideann dramhaíl mar ábhar ionadaíoch). | 98% | Bainte amach |
| | | 29 | 12-12-2013 | Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (CNCD) a bhunú | CNCD bunaithe in 2004 | Bainte amach |

[4] Dearbhaíonn an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go bhfuil ag éirí le hÉirinn sprioc 2011 an AE a bhaint amach, in ainneoin an ráta bailiúcháin réasúnta íseal i gcomhair 2010.
[5] Fuair Éire maolú ceithre bliana ar an gcéad sprioc agus ar an dara sprioc.
[6] Bunaithe ar DCI go líonadh talún 2010, agus ag glacadh leis nach dtiocfaidh aon mhéadú ar DCI go líonadh talún (gan athrú).

**Tábla 1B: Dul chun cinn i dtreo spriocanna náisiúnta bainistíochta dramhaíola**

| Saincheist | Sprioc | Foinse | Dul chun cinn reatha (2010) | Táscaire |
|---|---|---|---|---|
| **Dramhaíl tí** | Atreorú 50% ó líonadh talún ar dhramhaíl tí bainistithe faoi dheireadh 2013 | Waste Management: Changing Our Ways (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 1998) | 41% | - Riosca - |
| **Dramhaíl chathrach** | 35% de dhramhaíl chathrach a athchúrsáil faoi dheireadh 2013 | | 38% (ag eisiamh aisghabháil fuinnimh) | Bainte amach |
| **Dramhaíl foirgníochta & scartála** | 85% de dhramhaíl foirgníochta agus scartála a athchúrsáil faoi dheireadh 2013 | | 98% (ag eisiamh aisghabháil fuinnimh) | Bainte amach |
| **Dramhaíl In-Bhithmhillte** | Athchúrsáil páipéir agus cárta cathrach: | An Straitéis Náisiúnta maidir le Dramhaíl In-Bhithmhillte (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2006) (spriocanna roghnaithe) | | |
| | (i) 55% de sin bainte amach faoi dheireadh 2010 | | 56% | Bainte amach |
| | (ii) 65% de sin bainte amach faoi dheireadh 2013 | | (56%) | Ag Éirí Leis |
| | (iii) 67% de sin bainte amach faoi dheireadh 2016 | | (56%) | Ag Éirí Leis |
| | Aisghabháil dramhaíl orgánach ó chathracha arna scaradh ag an bhfoinse (lena n-áirítear múiríniú sa bhaile) mar chion d'inneachar bithdhramhaíola MSW arna bhainistiú: | | | |
| | (i) 35% de sin bainte amach faoi dheireadh 2010 | | 19% | Níor baineadh amach é seo |
| | (ii) 43% de sin bainte amach faoi dheireadh 2013 | | (19%) | - Riosca - |
| | (iii) 50% de sin bainte amach faoi dheireadh 2016 | | (19%) | - Riosca - |
| **Ceallraí** | Spriocanna bailiúcháin eatramhacha a bhaint amach i leith ceallraí iniompartha dramhaíola bunaithe ar an gcainníocht ceallraí iniompartha curtha ar an margadh sa Stát: | Teachtaireacht na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chuig an EPA | | |
| | (i) 15% faoin 26 Meán Fómhair 2010 | | 14%[7] | Níor baineadh amach é seo |
| | (ii) 30% faoin 26 Meán Fómhair 2014 | | (14%) | - Riosca - |

## Treochtaí na todhchaí i mbainistíocht dramhaíola

Is iad Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chiarraí (Comhairle Baile Chill Airne) agus Comhairle Contae Phort Láirge na húdaráis áitiúla amháin atá fós sa mhargadh bailiúcháin dramhaíola tí tráth foilsithe na tuarascála seo (in 2008 bhí cúig údarás áitiúil déag sa mhargadh bailiúcháin dramhaíola tí). Samhlaítear go leanfaidh na húdaráis áitiúla ag éirí as an margadh bailiúcháin chomh maith le hoibriú bonneagar mór amhail líonadh talún.

Samhlaítear go ndíreofar diúscairt dramhaíola iarmharaigh in Éirinn go líon beag láithreáin líonadh talún, agus is dóigh go n-athróidh an cineál líonta ionas go mbeidh sé níos mianrach/támh trí theicneolaíochtaí réamhchóireála níos sofaisticiúla lena n-áirítear dramhaíl go fuinneamh. Samhlaítear go leanfaidh tobhaigh líonadh talún srianta rialála agus luach acmhainní ag bogadh dramhaíola ó dhiúscairt go roghanna aisghabhála. Tá acmhainn féideartha shuntasach istigh i líonadh talún atá dúnta. Bunaithe ar an ngnáth-chomhdhéanamh a bhíonn ag dramhaíl chathrach iarmharach, d'fhéadfadh 0.5 Mt d'acmhainn miotail a bheith curtha i líonadh talún le dhá

[7] Bunaithe ar fhaisnéis atá curtha ar fáil ag scéimeanna comhlíonta ceallraí (WEEE Éireann agus ERP Éireann) agus dearbhaithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

bhliain déag anuas. D’fhéadfadh tionscal nua - *mianadóireacht líonta* - forbairt sna blianta amach romhainn lena ndéanfar iarracht acmhainní agus cumas fuinneamh líonta talún dúnta a bhaint (tugtar mianadóireacht uirbeach uirthi seo freisin). Beadh forbairt den chineál sin faoi réir ag ceadúnú EPA agus ag údarú rialaithe forbartha ó údarás pleanála.

Leanfar leis an bhfás suntasach i dtáirgeadh BDD/BSA ó dhramhaíl iarmharach, agus beidh an t-ábhar sin á thrádáil mar thráchtearra. Samhlaítear go dtiocfaidh méadú ar an líon gléasraí díleáite anaeróbaigh sa Stát, chun freastal ar chóireáil dramhaíola cathrach agus talmhaíochta.

### Conclúidí

Tá tionchar suntasach ag an gcor chun donais eacnamaíoch ar ghineadh dramhaíola cathrach, a laghdaigh 16% ón bpointe is airde a shroich sé, in 2007. Tá giniúint dramhaíola tí ag laghdú i gcomhréir leis an laghdú atá ag teacht ar thomhaltas pearsanta agus in ainneoin méadaithe a bheith tagtha ar an daonra.

Tá dul chun cinn maith déanta ag Éirinn maidir lena cuid oibleagáidí aisghabhála/athchúrsála AE a chomhlíonadh i dtaca le go leor treoracha dramhaíola de chuid an AE. Tá sé suntasach, áfach, go bhfuil Éire ag mainneachtain na spriocanna athúsáide agus aisghabhála/athchúrsála faoin Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite a bhí i bhfeidhm ó 2006 (le spriocanna níos déine i bhfeidhm ó Eanáir 2015) a chomhlíonadh. Tá beart práinneach ag teastáil chun athúsáid/aisghabháil/athchúrsáil ábhar a bhfuil a ré caite a mhéadú agus tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mbun pléite le páirtithe leasmhara maidir leis seo.

Tá Éire ag bogadh i dtreo na spriocanna maidir le hatreorú dramhaíola in-bhithmhillte atá i dTreoir an AE maidir le Líonadh Talún a bhaint amach, mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta (agus an laghdú dá réir ar ghiniúint dramhaíola). Tá baol fós ann nach n-éireoidh le hÉirinn na spriocanna Iúil 2013 agus 2016 sa Treoir maidir le Líonadh Talún a bhaint amach maidir le hatreorú dramhaíola cathrach in-bhithmhillte ó líonadh talún (ní mór 250,000 t eile a atreorú ó líonadh talún chun sprioc 2013 a bhaint amach, agus 433,000 t a atreorú chun sprioc 2016 a bhaint amach). Níor éirigh chomh maith le hÉirinn i ndáil le spriocanna bainistíochta dramhaíola a léirítear go náisiúnta a bhaint amach.

Thuar an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta cásanna téarnaimh geilleagraí in Éirinn a léiríonn go bhfásfaidh dramhaíl chathrach sholadach faoi thart ar 825,000 t (go 3.7 Mt) sna cúig bliana déag atá amach romhainn. Tá Éire fós tearcfhorbartha i ndáil le bonneagar dramhaíola riachtanach sofaisticiúil chun réamh-chóireáil a dhéanamh ar dhramhaíl chathrach sula ndéantar diúscairt uirthi (m.sh. díleá anaeróbaigh, dramhaíl go fuinneamh, cóireáil mheicniúil bhitheolaíoch srl). Is dúshlán a bheidh ann spriocanna atreoraithe dramhaíola agus spriocanna aisghabhála dramhaíola a bhaint amach má mhéadaíonn giniúint dramhaíola cathrach le téarnamh geilleagrach agus nach bhfuil an bonneagar dramhaíola riachtanach i bhfeidhm.

Beidh tionchar suntasach ag Creat-Treoir Dramhaíola an AE (2008/98/CE), a tugadh isteach i reachtaíocht na hÉireann le Rialacháin (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 na gComhphobal Eorpach (I.R. Uimh. 126 de 2011) agus brúfar athrú chun cinn dá thoradh i rialachas agus i gcleachtais bainistíochta dramhaíola in Éirinn agus in áiteanna eile sna deich mbliana atá amach romhainn, go háirithe leis an oibleagáid dlí a chinntiú go mbainistítear dramhaíl de réir an ordlathais dramhaíola (le cosc ag an mbarr).

## Moltaí

Sna blianta atá amach romhainn, gluaisfidh Éire i dtreo téarnamh geilleagrach, agus ní mór fócas a choinneáil maidir leis na beartais agus na gníomhaíochtaí is gá chun fás ar dhramhaíl a scaradh ó fhás geilleagrach. Ní mór cosc ar dhramhaíl, agus ní atreorú amháin, a bheith ina thosaíocht. Léiríonn an riachtanas atá ar ghnóthaí agus ar sheirbhísí Stáit costais a laghdú sa timpeallacht eacnamaíochta agus bhuiséadach reatha go bhfuil gá le tacaíocht leanúnach do thionscnaimh um éifeachtúlacht agus caomhnú acmhainní maidir le dramhaíl, uisce agus fuinneamh, cosúil leo siúd a chuirtear ar fáil faoi Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl an EPA, ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus Fiontraíocht Éireann.

Is tosaíocht a gcaithfear dul i ngleic léi í go leor leor dramhaíola in-bhithmhillte a atreorú ó láithreáin líonadh talún, chomh maith le feabhsú rátaí athchúrsála maidir le dramhaíl chathrach. Tá líon suntasach teaghlach nach mbaineann leas as seirbhís bhailiúcháin dramhaíola nó nach gcuirtear ceann ar fáil dóibh agus tá tionchar aige sin ar an gcion mór dramhaíola cathrach a mheastar nach mbailítear. Tabharfaidh beartas Stáit a éilíonn ar theaghlaigh úsáid a bhaint as seirbhís bhailiúcháin faoi chuid de na laigí ina leith sin.

Tá na gníomhartha tosaíochta do bhainistíocht ar dhramhaíl chathrach in-bhithmhillte in Éirinn don todhchaí atá amach romhainn cosúil leo siúd a aithníodh i dTuarascálacha Náisiúnta Dramhaíola roimhe seo; agus áirítear leo an gá leo seo a leanas a dhéanamh:

- A chinntiú go bhfuil bonneagar dóthanach ann chun cóireáil a dhéanamh ar an ollmhéid dramhaíola orgánaí (go háirithe bia) a chaithfear a bhailiú aisti féin agus a atreorú ó láithreáin líonadh talún;
- A chinntiú go bhfuil bonneagar leordhóthanach ann chun iarmharaigh ó chóireáil dramhaíola atá ag dul chuig líonadh talún a bhith-chobhsú. Cé gur bhain go leor den iarracht a rinneadh go dtí seo maidir le dramhaíl in-bhithmhillte le scaradh ag an bhfoinse agus cóireáil an chodáin bailithe, léirítear i suirbhéanna maidir le tréithriú dramhaíola a rinneadh don EPA go mbeidh céatadán suntasach ábhair in-bhithmhillte fós sa bhruscar iarmharach ó sheirbhís bailiúcháin 3 bhruscar (suas le 47% i gcás bailiúcháin teaghlaigh). Má tá Éire chun na spriocanna atreoraithe i dTreoir maidir le Líonadh Talún an AE i gcomhair 2013 agus 2016 a bhaint amach, ní mór bonneagar a fhorbairt a bheidh ábalta an codán iarmharach sin a chóireáil.
- Nuashonrú agus soiléiriú a dhéanamh ar bheartas náisiúnta dramhaíola (m.sh. riachtanas ar theaghlaigh bruscar do tháirgí orgánacha a úsáid). Cabhróidh sé sin le cinnteacht a chur ar fáil laistigh de thionscal na dramhaíola chun cumasú níos fearr a dhéanamh ar chláir infheistíochta brostaithe a theastaíonn chun dramhaíl orgánach a chóireáil agus líonadh talún a sheachaint;
- Cosc ar dhramhbhia a chur chun cinn trí thionscnaimh an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl amhail StopFoodWaste.ie (www.stopfoodwaste.ie), Gnólachtaí Glasa agus na Dámhachtainí um Fáilteachas Glas.

Ní féidir dóthain béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le sonraí dramhaíola tráthúil agus cruinn a fháil ó pháirtithe leasmhara chun oibleagáidí tuairiscithe náisiúnta agus an AE a chomhlíonadh. Tá oibleagáidí dlíthiúla ann taifeadadh agus tuairisciú a dhéanamh maidir le bainistíocht dramhaíola, agus dá bhrí sin ní mór do gach páirtí leasmhar a chinntiú go dtugtar dóthain acmhainní do thuairisciú agus bainistíocht sonraí. Bhí ceisteanna maidir le sonraí bailiúcháin dramhaíola tí ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Theas agus ó Chomhairle Cathrach Dhún Laoghaire Ráth an Dúin fós oscailte tráth foilsithe na tuarascála seo, in ainneoin iarratais scríofa. Ina theannta sin, baineadh úsáid as sonraí 2009 maidir leis an líon teaghlaigh ar sheirbhís bailiúcháin ag an

gcosán do Chomhairle Contae Chill Mhantáin os rud é gur chlis ar roinnt oibreoirí san earnáil phríobháideach a dTuairisc Comhshaoil Bhliantúil le haghaidh 2010 a sheoladh isteach.

Tá fás tapa ag teacht ar thuairisciú leictreonach ar shonraí comhshaoil le blianta beaga anuas. Tá córais dea-fhorbartha i bhfeidhm chun sonraí uisce a mhalartú idir an EPA agus údaráis áitiúla, agus tá éifeachtúlachtaí, tráthúlacht agus cruinneas an mhalartaithe faisnéise feabhsaithe dá bharr. Tá roinnt forbairtí tarlaithe maidir le ríomhthuairisciú dramhaíola, m.sh. ag údaráis áitiúla i gcás sealbhóirí ceadúnais bailiúcháin dramhaíola (bhí sonraí náisiúnta bailiúcháin dramhaíola ar fáil den chéad uair in 2010, cé gur ó dhá chóras tuairiscithe ar leith a tháinig siad) agus ag an EPA i gcomhair gníomhaíochtaí ceadúnaithe (e-AER, Clár ar Scaoileadh amach agus Aistriú Truailleán). Tacóidh an EPA le córais arna bhforbairt ag údaráis áitiúla chomh fada is go gcuireann siad sonraí náisiúnta fíoraithe ar fáil a chomhlíonfaidh oibleagáidí reachtúla tuairiscithe. Tá sé riachtanach go mbeadh comhoibriú ann maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm aon chórais ríomhthuairiscithe dramhaíola (ar leibhéal náisiúnta nuair is féidir) ionas go gcomhlíontar gach riachtanas sonraí de chuid an Stáit, agus go méadaítear éifeachtacht an tuairiscithe do na hoibreoirí dramhaíola atá faoi réir ag rialú rialacháin.

Tá an fíorú sonraí a dhéantar bunriachtanach do rathúlacht aon chóras ríomhthuairiscithe. Molann an EPA go gcuirfeadh gach údarás áitiúil acmhainní ar fáil chun na sraitheanna sonraí maidir le bailiúchán dramhaíola agus saoráidí dramhaíola a fhíorú sula seoltar isteach chuig an EPA iad, os rud é go bhfuil na sraitheanna sonraí maidir le bailiú dramhaíola tí agus dramhaíl foirgníochta & scartála bunriachtanach do thuairisciú náisiúnta.

I gcás sonraí bailiúcháin dramhaíola tí, bhí roinnt fadhbanna ann le bailíochtú sonraí 2010 ós rud é go bhfuil go leor údaráis áitiúla ag éirí as an margadh bailiúcháin (riosca go mbeadh comhaireamh mícheart ar an líon teaghlaigh ar a bhfreastalaítear agus ar na tonnáistí a bhailítear idir seirbhísí á n-oibriú ag údaráis áitiúla agus oibreoirí san earnáil phríobháideach). Tá aiseolas curtha ar fáil ag an EPA d'údaráis áitiúla chun fíorú sraith sonraí 2011 a fheabhsú.

Bheadh sé an-tairbhiúil suirbhé a bheadh bailí ó thaobh staidrimh de a dhéanamh ar iompraíocht maidir le bainistíocht dramhaíola tí (m.sh. an úsáid a bhaintear as seirbhísí bailithe ar an gcosán seachas ionaid beir leat, faisnéis maidir le múiríniú sa bhaile srl.) chun cabhrú le cur i bhfeidhm agus le luacháil ar an mbeartas náisiúnta dramhaíola. Chuige seo, tá moladh seolta isteach ag an EPA chuig an Phríomh-Oifig Staidrimh mír maidir le dramhaíl tí a áireamh sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh.

# An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Is í an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhlachta reachtúil a chosnaíonn an comhshaol do mhuintir na tíre go léir. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomh-nithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht poiblí neamhspleách í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Ó thaobh an Rialtais, is í an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil.

## ÁR bhFREAGRACHTAÍ

### CEADÚNÚ

Bíonn ceadúnais á n-eisiúint againn i gcomhair na nithe seo a leanas chun a chinntiú nach mbíonn astuithe uathu ag cur sláinte an phobail ná an comhshaol i mbaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh., líonadh talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid faoi shrian agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinathraithe (GMO);
- mór-áiseanna stórais peitreail;
- scardadh dramhuisce.

### FEIDHMIÚ COMHSHAOIL NÁISIÚNTA

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht de áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Maoirsiú freagrachtaí cosanta comhshaoil údarás áitiúla thar sé earnáil - aer, fuaim, dramhaíl, dramhuisce agus caighdeán uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí comhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

### MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN GCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, locha, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

### RIALÚ ASTUITHE GÁIS CEAPTHA TEASA NA HÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis ceaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, a bhfuil baint aige le hos cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

### TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde ar shaincheisteanna comhshaoil a chomhordú (cosúil le caighdéan aeir agus uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

### MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Ag déanamh measúnú ar thionchar phleananna agus chláracha ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le pleananna bainistíochta dramhaíola agus forbartha).

### PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscal ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (m.sh., iarratais ar cheadúnais, seachaint dramhaíola agus rialacháin chomhshaoil).
- Eolas níos fearr ar an gcomhshaol a scaipeadh (trí cláracha teilifíse comhshaoil agus pacáistí acmhainne do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

### BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA FHORGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn seachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú An Chláir Náisiúnta um Chosc Dramhaíola, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh Freagrachta Táirgeoirí.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha maidir le Trealamh Leictreach agus Leictreonach Caite agus le Srianadh Substaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

### STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Bunaíodh an Ghníomhaireacht i 1993 chun comhshaol na hÉireann a chosaint. Tá an eagraíocht á bhainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Príomhstiúrthóir agus ceithre Stiúrthóir.

Tá obair na Gníomhaireachta ar siúl trí ceithre Oifig:

- An Oifig Aeráide, Ceadúnaithe agus Úsáide Acmhainní
- An Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáide

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile cúpla uair in aghaidh na bliana le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord.

Environmental Protection Agency
*An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil*

**Headquarters, PO Box 3000**
**Johnstown Castle Estate**
**County Wexford, Ireland**

Ceanncheathrú, Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Contae Loch Garman, Éire

T:+353 53 916 0600
F:+353 53 916 0699

**Regional Inspectorate**
**McCumiskey House, Richview**
**Clonskeagh Road, Dublin 14, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T:+353 1 268 0100
F:+353 1 268 0199

**Regional Inspectorate**
**Inniscarra, County Cork, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Inis Cara
Contae Chorcaí, Éire

T:+353 21 487 5540
F:+353 21 487 5545

**Regional Inspectorate**
**John Moore Road, Castlebar**
**County Mayo, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Bóthar Sheán de Mórdha
Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo, Éire

T:+353 94 904 8400
F:+353 94 902 1934

**Regional Inspectorate**
**Seville Lodge, Callan Road,**
**Kilkenny, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn, Cill Chainnigh, Éire

T:+353 56 779 6700
F:+353 56 779 6798

**Regional Inspectorate**
**The Glen, Monaghan, Ireland**

Cigireacht Réigiúnach, An Gleann
Muineachán, Éire

T:+353 47 77600
F:+353 47 84987

E: info@epa.ie
W: www.epa.ie
Lo Call: 1890 33 55 99

Printed on an environmentally friendly paper stock